



An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025
(OR. en)

16638/25

JAI 1887
COPEN 414
DROIPEN 163
CATS 82
FREMP 385

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14959/25 + COR 1
Ábhar:	Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le samhailfhorálacha i ndáil le dlí coiriúil substainteach an Aontais

Ag an gcuinniú a bhí aici an 8 agus an 9 Nollaig 2025, d'fhorpheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) sraith conclúidí ón gComhairle maidir le 'Samhailfhorálacha i ndáil le dlí coiriúil substainteach an Aontais'. Leagtar amach san Iarscríbhinn an téacs mar a d'fhorpheas an Chomhairle é.

Conclúidí ón gComhairle maidir le samhailfhorálacha i ndáil le dlí coiriúil substainteach an Aontais

Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi ó 2002 ‘maidir leis an gcur chuige atá le cur i bhfeidhm maidir le comhfhogasú pionós’¹, ó 2009 ‘maidir le samhailfhorálacha, lena dtreoraítear plé na Comhairle ar an dlí coiriúil’², agus ó 2024 ‘maidir le todhchaí dhlí coiriúil an Aontais: moltaí maidir leis an mbealach chun cinn’³, agus athdhearbhaíonn sí gur léiriú iad na conclúidí thuasluaite ar sheasamh na Comhairle ar an ábhar.

Leagann an Chomhairle béim go háirithe ar a thábhachtaí atá pointe 3 sna conclúidí uaithi ó 2002 agus pointe 1-10 sna conclúidí uaithi ó 2009. Athdhearbhaíonn sí gur gá comhleanúnachas agus comhsheasmhacht le *acquis* an Aontais a áirithiú a mhéid a bhaineann le forálacha athfhillteacha i ngníomhartha éagsúla de dhlí coiriúil substainteach an Aontais, chun cur chun feidhme fhorálacha an Aontais sa dlí náisiúnta agus a léirmhíniú a éascú, agus an tsolúbthacht is gá á cosaint ag an am céanna. Sa chomhthéacs sin, leagtar béim ar a thábhachtaí atá na treoirlínte agus na samhailfhorálacha chun caibidlíocht reachtach a éascú.

Meabhraíonn an Chomhairle gur formhuiníodh sna conclúidí ó 2009 sraith samhailfhorálacha, a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Conclúidí, lenar cheart ‘an obair a dhéanfaidh an Chomhairle amach anseo maidir le tionscnaimh reachtacha a bhféadfadh forálacha coiriúla a bheith ar áireamh iontu a threorú’.

Tugann an Chomhairle dá haire gur sheol sí próiseas in 2024 chun raon feidhme na samhailfhorálacha a nuachóiriú agus, más gá, a mhéadú i bhfianaise an iliomad gníomhartha de dhlí coiriúil an Aontais a glacadh ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm in 2009. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, forbraíodh sraith samhailfhorálacha nuashonraithe, a cuireadh i láthair sa Tuarascáil ó Uachtaránacht na hUngáire i mí na Nollag 2024. Cuireadh i bhfios go láidir ar an gcaoi sin gur cheart do ghníomhartha reachtacha a bheidh ann amach anseo maidir leis an dlí coiriúil substainteach ‘*an cur chuige a leagtar amach sna samhailfhorálacha comhaontaithe sin a leanúint a mhéid is féidir*’.

¹ 9141/02.

² 16542/1/09 REV2.

³ 10984/24.

I bhfianaise an mhéid sin, measann an Chomhairle gurb iomchuí na samhailfhorálacha nuashonraithe seo a leanas a fhorghníomhú. Cuireann sí i bhfios go láidir nár cheart na samhailfhorálacha a bheith ina gceangal ar na comhreachtóirí, ach gur bosca uirlisí iad as a bhféadfaidh na comhreachtóirí na forálacha a roghnú a mheasann siad gur gá iad a áireamh i ngníomh reachtach agus a bheidh mar threoir d'obair na Comhairle maidir le haon togra amach anseo le haghaidh gníomh substainteach de chuid an Aontais i ndáil leis an dlí coiriúil. Is é is aidhm dóibh friotal caighdeánach comhaontaithe na bhforálacha ábhartha a shainaithint chun comhsheasmhacht, comhleanúnachas agus éifeachtúlacht a áirithiú sna gníomhartha reachtacha go léir. Ní dhéanann siad difear ar bhealach ar bith do shainchumais an Choimisiúin ná na gcomhreachtóirí faoi na Conarthaí ná ní thuarann siad seasamh na Comhairle maidir leis an bhféidearthacht foráil shonrach a áireamh bunaithe ar na conclúidí seo ón gComhairle, i ngníomh reachtach sonrach. Sainaithnítear le lúibíní agus le cló iodálach forálacha (a mheasann an Chomhairle) a mbeadh údar an-láidir ag teastáil ina leith (i bhfianaise na n-imthosca sonracha) chun go n-áireofaí i ngníomh reachtach sonrach iad. Ba cheart an gá atá le haon fhoráil bhreise nó aon ghné bhreise a chur san áireamh a mheas freisin le linn na caibidlíochta ábhartha.

Iarrann an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gCoimisiún na samhailfhorálacha a thabhairt dá n-aire agus leanúint de bheith rannpháirteach in idirphlé struchtúrach idirinstiúideach d'fhonn samhailfhorálacha coiteanna a shainiú.

SAMHAILFHORÁLACHA DO DHLÍ COIRIÚIL AN AONTAIS

A. CIONTA COIRIÚLA

Áiritheoidh na Ballstáit gur cion coiriúil é an t-iompar seo a leanas. i gcás ina ndéantar d'aon ghnó é.

B. GRÍÓSÚ, CABHRÚ AGUS NEARTÚ, AGUS IARRACHT A DHÉANAMH

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé inphionóis mar chion coiriúil gríosú, agus cabhrú agus neartú a dhéanamh d'aon ghnó chun cion coiriúil a chumhdaítear le [Airteagal/Airteagail ...] a dhéanamh.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé inphionóis mar chion coiriúil iarracht a dhéanamh cion coiriúil d'aon ghnó a chumhdaítear le [Airteagal/Airteagail...] a dhéanamh.

C. PIONÓIS DO DHAOINE NÁDÚRTHA

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh duine nádúrtha cion a chumhdaítear le [Airteagal/Airteagail...], go mbeidh an cion coiriúil inphionóis le pionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cionta coiriúla a chumhdaítear le [Airteagal/Airteagail...] inphionóis le pionós uasta príosúnachta [bliain amháin/2 bhliain/5 bliana/10 mbliana] ar a laghad;
- [3. *Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil na cionta coiriúla a chumhdaítear le [Airteagal/Airteagail...] déanta acu a bheith faoi réir pionóis choiriúla nó neamhchoiriúla nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla eile, lena bhféadfaí a áireamh an méid seo a leanas:*

(a) *oibleagáid chun an méid seo a leanas a dhéanamh:*

(i) ; nó

(ii) ...;

- (b) *fíneálacha atá comhréireach le tromchúis an iompair;*
- (c) *eisiamh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais, lamháltais agus ceadúnais;*
- (d) *dícháiliú ó phost ceannaireachta den chineál céanna a úsáidtear chun an cion a dhéanamh a bheith acu, laistigh de dhuine dlítheanach;*
- (e) *tarraingt siar ceadanna agus údaruithe chun gníomhaíochtaí a shaothrú a raibh an cion coiriúil ábhartha mar thoradh orthu.]*

D. IMTHOSCA GÉARAITHEACHA [AGUS MAOLAITHEACHA]

1. Imthosca géaraitheacha⁴

A mhéid nach bhfuil na himthosca seo a leanas mar chuid de na gnéithe a chomhdhéanann na cionta coiriúla a chumhdaítear le [Airteagal/Airteagail ...], áiríteoidh na Ballstáit, i ndáil leis na cionta coiriúla ábhartha a chumhdaítear le [Airteagal/Airteagail ábhartha], go bhféadfar ceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a mheas mar imthoisc ghéaraitheach:

(a)....;

(b)....

⁴ Beidh an aithris eiseamláireach seo a leanas mar chuid de na samhailfhorálacha sin freisin: ‘Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar foráil maidir le ceann amháin ar a laghad de na himthosca géaraitheacha [*agus maolaitheacha*] dá bhforáiltear sa Treoir seo mar imthoisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach a d’fhéadfadh a bheith ann i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme ina gcóras dlí.’

[2. *Imthosca maolaitheacha*

Áiritheoidh na Ballstáit, i ndáil leis na cionta coiriúla a chumhdaítear le [Airteagal/Airteagail ábhartha], go bhféadfar ceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a mheas mar imthosca maolaitheacha:

(a) ...;

(b)]

E. DLITEANAS DAOINE DLÍTHEANACHA

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i leith na gcionta coiriúla a chumhdaítear le [hAirteagal/hAirteagail ...] i gcás ina ndearna duine nádúrtha ag a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den duine dlítheanach sin, ag gníomhú don duine sin ina aonar nó mar chuid d’orgán de chuid an duine dhlítheanaigh sin, na cionta coiriúla chun tairbhe na ndaoine dlítheanacha sin ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas (‘príomhdhuine’):

(a) cumhacht chun ionadaíocht a dhéanamh don duine dlítheanach;

(b) údarás cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh; nó

(c) údarás chun smacht a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.

[2. *Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i leith na gcionta coiriúla a chumhdaítear le [hAirteagal/hAirteagail ...] i gcás inarbh fhéidir, de thoradh easpa maoirseachta nó rialaithe ag príomhdhuine, le duine nádúrtha atá faoina údarás cion coiriúil a chumhdaítear le [hAirteagal/hAirteagail ...] a dhéanamh chun tairbhe an duine dhlítheanaigh sin.]*

3. Ní choiscfear, le dliteanas daoine dlítheanacha faoi mhíreanna 1 [nó 2] den Airteagal seo, imeachtaí coiriúla i gcoinne daoine nádúrtha a dhéanann, nó a ghríosaíonn na cionta coiriúla a chumhdaítear le [Airteagal/Airteagail ...] nó atá ina gcúlpháirtithe sna cionta sin.

F. PIONÓIS DO DHAOINE DLÍTHEANACHA

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcuirfear duine dlítheanach faoi dhlíteanas de bhun [hAirteagal ...], go mbeidh an cion coiriúil inphionóis le pionóis choiriúla nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
2. Áireofar ar phionóis choiriúla nó neamhchoiriúla nó ar bhearta coiriúla nó neamhchoiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach fineálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus féadfar pionóis choiriúla nó neamhchoiriúla eile nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla eile a áireamh orthu, cuir i gcás an méid seo a leanas:
 - (a) eisiamh ó theidlíocht i leith sochair phoiblí nó cúnamh poiblí;
 - (b) eisiamh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamhátais;
 - (c) dícháiliú ó ghníomhaíochtaí gnó a chleachtadh;
 - (d) tarraingt siar ceadanna agus údaruithe chun gníomhaíochtaí a shaothrú arb é an toradh a bhí orthu go ndearnadh an cion;
 - (e) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;
 - (f) foirceannadh breithiúnach;
 - (g) bunaíochtaí a dhúnadh a úsáidtear chun an cion coiriúil a dhéanamh;
 - (h) i gcás ina bhfuil leas an phobail ann, foilsíú an chinnidh bhreithiúnaigh ina iomláine, nó cuid de, ar cinneadh é a bhaineann leis an gcion coiriúil a rinneadh agus na pionóis nó na bearta a forchuireadh, gan dochar do rialacha maidir le príobháideacht agus cosaint sonraí pearsanta.

[3. *Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcuirfear duine dlítheanach faoi dhliteanas de bhun Airteagal E(1) i leith cionta coiriúla a chumhdaítear le [hAirteagal/hAirteagail...], go mbeidh sé inphionóis le fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla. Beidh méid na bhfíneálacha sin i gcomhréir le tromchúis na hiompraíochta agus le himthosca aonair agus airgeadais agus imthosca eile an duine dlítheanach lena mbaineann. Áiritheoidh na Ballstáit nach lú uasleibhéal na bhfíneálacha sin ná an méid seo a leanas:*

(a) *do chionta coiriúla a chumhdaítear le [hAirteagal/Airteagail ...]:*

(i) *[5 %] de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh chun an fhíneáil a ghearradh; nó de rogha air sin*

(ii) *méid a chomhfhreagraíonn do EUR [uasmhéid 40 000 000];*

(b) *do chionta coiriúla a chumhdaítear le [hAirteagal ...]:*

(i) *[1/3 %] de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh chun an fhíneáil a ghearradh; nó de rogha air sin*

(ii) *méid a chomhfhreagraíonn do EUR [8/24 mhilliún].⁵*

4. *Féadfaidh na Ballstáit rialacha a bhunú le haghaidh cásanna nach féidir méid na fíneála a chinneadh ar bhonn láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh chun an fhíneáil a fhorchur.]*

⁵ Ba cheart na tairseacha a bheith i gcomhréir le leibhéil na bpionós do dhaoine nádúrtha dá bhforáiltear sa ghníomh reachtach sonrath agus ba cheart a chur san áireamh iontu na tairseacha malartacha arna nglacadh i dTreoir (AE) 2024/1203 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus i dTreoir (AE) 2024/1226 maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais.

G. DLÍNSE

1. Déanfaidh gach Ballstát a dhlínse ar na cionta coiriúla a chumhdaítear le [hAirteagal/hAirteagail...] a bhunú sna cásanna seo a leanas:
 - (a) rinneadh an cion coiriúil ina iomláine nó go páirteach laistigh dá chríoch;
 - (b) rinneadh an cion coiriúil ar bord loinge nó ar bord aerárthaigh a cláraíodh sa Bhallstát sin nó ar a raibh a bhratach ar foluain; nó
 - (c) is náisiúnach dá chuid é nó í an ciontóir.

2. Cuirfidh Ballstát an Coimisiún ar an eolas i gcás ina gcinneann sé a dhlínse a leathnú chuig ceann amháin nó níos mó de na cionta coiriúla a chumhdaítear in [Airteagal/Airteagail ...] a rinneadh lasmuigh dá chríoch, sna cásanna seo a leanas:
 - (a) tá gnáthchónaí ar an gciontóir ina chríoch;
 - (b) rinneadh an cion chun tairbhe duine dhlítheanaigh atá bunaithe ina chríoch;
 - (c) rinneadh an cion i gcoinne duine amháin nó níos mó dá chuid náisiúnach nó gnáthchónaitheoirí; nó

[(...)]

- [3. *Sna cásanna a chumhdaítear i mír 1, pointí [...], áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhmiú a ndlínse faoi réir an choinnill nach féidir ionchúiseamh a thionscnamh ach amháin tar éis don íospartach gearán a thabhairt san áit ina ndearnadh an cion coiriúil nó tar éis don Stát ina bhfuil an áit ina ndearnadh an cion coiriúil cáineadh a dhéanamh.]*

H. TRÉIMHSÍ TEORANN⁶

1. Maidir leis na cionta coiriúla a chumhdaítear in Airteagail [...], déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le tréimhse teorann [atá i gcomhréir le tromchúis an chiona agus] chun go bhféadfar na cionta sin a imscrúdú, a ionchúiseamh, a chur chun trialach agus breithniú a dhéanamh orthu ar feadh tréimhse leordhóthanach ama ón tráth a dhéantar na cionta coiriúla sin, ionas go rachfar i ngleic go héifeachtach leis na cionta coiriúla sin.
- [2. [...] bliana ar a laghad a bheidh sa tréimhse teorann a chumhdaítear i mír 1 ó chion coiriúil a dhéanamh a bhféadfar uastearma príosúnachta [...] bliana ar a laghad a ghearradh ina leith.
3. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le tréimhse teorann [...] bliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh i gcion coiriúil a chumhdaítear in Airteagail [...] lena gcumasófar forfheidhmiú na bpionós seo a leanas a forchuireadh tar éis an chiontaithe sin:
 - (a) pionós príosúnachta is faide ná [...] bliain ; nó de rogha air sin
 - (b) pionós príosúnachta le haghaidh cion coiriúil is inphionóis le huastearma príosúnachta [...] bliana ar a laghad.
4. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, féadfaidh na Ballstáit tréimhse teorann a bhunú is giorra ná [...] bliana, ach nach giorra ná [...] bliana, ar choinníoll go bhféadfar an tréimhse teorann sin a bhriseadh nó a chur ar fionraí i gcás gníomhartha sonrathie.]

⁶ Beidh an aithris eiseamláireach seo a leanas mar chuid de na samhailfhorálacha sin freisin: ‘Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le tréimhsí teorann lena chur ar a gcumas na cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo a chomhrac go héifeachtach, gan dochar do rialacha náisiúnta nach leagtar síos iontu tréimhsí teorann maidir le himscrúdú, le hionchúiseamh agus le forfheidhmiú’.

I. SONRAÍ STAIRIMH

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh córas i bhfeidhm chun sonraí staidrimh anaithnidithe atá ann cheana maidir le cionta a chumhdaítear le [hAirteagal/Airteagail ...] a bhailiú, a léiriú agus a scaipeadh.
- [2. *Gan dochar do na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, déanfaidh na Ballstáit, ar bhonn bliantúil agus más ann dóibh ar an leibhéal lárnach, sonraí staidrimh a chumhdaítear le mír 1 a chur faoi bhráid an Choimisiúin, lena n-áireofar, ar a laghad, sonraí atá ann cheana maidir leis an méid seo a leanas:*
 - (a) *líon na gcionta coiriúla arna gclárú agus arna mbreithniú ag na Ballstáit;*
 - (b) *líon na gcásanna cúirte arna gcaitheamh amach, lena n-áirítear ar fhorais dhul in éag na tréimhse teorann don chion coiriúil lena mbaineann;*
 - (c) *líon na ndaoine nádúrtha a ionchúisítear.]*

[J. OILIÚINT

dochar don neamhspleáchas breithiúnach agus d'éagsúlachtaí in eagrú na mbreithiúna ar fud an Aontais, cuirfidh na Ballstáit oiliúint speisialaithe chun cinn do na breithiúna, na hionchúisitheoirí, na póilíní, don fhoireann bhreithiúnach agus d'fhoireann na n-údarás inniúil a bhfuil baint aici le himeachtaí coiriúla agus le himscrúduithe maidir le cuspóirí na Treorach seo agus is iomchuí d'fheidhmeanna na mbreithiúna, na n-ionchúisitheoirí, na bpóilíní, na foirne breithiúnaí agus fhoireann na n-údarás inniúil sin.]